Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

Nuachtlitir
Deireadh Fómhair, 2021

FÁILTE/*WELCOME*

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus go mbaineann sibh taitneamh as nuacht na míosa seo a léamh.

I hope this newsletter finds you all well. Enjoy reading up on this month's news in Gaelscoil na Fuinseoige.

Aisling

TIONÓL/*ASSEMBLY*

Bíonn tionól againn gach maidin Aoine i gcarrchlós na scoile. Ag an tionól, déanaimid iarracht treisiú a dhéanamh ar dhea-iompar na bpáistí agus labhraímid faoi imeachtaí scoile agus rudaí speisialta atá ar siúl sa scoil. Chomh maith le sin, déanaimid iarracht aitheantas a thabhairt do pháistí a rinne éacht in aon ghné de chúrsaí scoile an tseachtain sin. Tugaimid Teastas na Gaeilge amach chomh maith do phaistí a sheas amach ó thaobh labhairt na Gaeilge de an tseachtain sin.

We have whole-school assembly in the school carpark every Friday morning. At assembly we to try to reinforce and commend positive behaviour and we speak about any events or occasions happening in the school that week. We also try to acknowledge any special achievements or efforts the children have made that week. We also award "Teastas na Gaeilge" to children who have made a special effort speaking Irish that week.

SOS LÁR TÉARMA / *MID TERM BREAK*

Táimid ag dúnadh ar an Aoine, 22ú Deireadh Fómhair 11.45rn don bhriseadh meán téarma. Osclóidh an scoil arís ar an Luan, 1ú Samhain.

The school will close for midterm on Friday, 22nd October at 11.45am and reopen on Monday, 1st November. We are closing early to facilitate teachers' inservice training.

MÍ AN MHATA / *MATHS MONTH*

An mhí seo, Mí Dheireadh Fómhair beidh Mí an Mhata againn. Beidh gach rang ag déanamh oibre bhreise sa mhata.

This month is Maths Month in the school. We will all be doing extra maths activities during the month.

FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE / *SCHOOL SELF EVALUATION*

Tá uimhearthacht roghnaithe againn mar fhoireann don FMS. Beimid ag obair ar ár scileanna uimhearthachta agus muid ag díriú ar obair ghníomhach agus ar réiteach faidhbe.

We have chosen numeracy as our focus for SSE. We are working hard on our numeracy skills and are placing a special emphasis on the use of concrete materials and problem solving in the classroom.

EARRAÍ CAILLTE / *LOST PROPERTY*

Tá sé riachtanach go mbíonn ainm ar gheansaithe agus ar chótaí na bpáistí le bhúr dtoil. Tá geansaithe sa scoil gan aon ainm orthu agus ní féidir linn a bheith freagrach astu.

Please ensure that your child's name is on all jumpers and coats. We have a number of items left in school every day, many of them without names on them. We cannot be responsible for lost property without names.

RINCE GAELACH / *IRISH DANCING*

Tá Múinteoir Joanne ar ais linn ag déanamh rince Gealach ar an gCéadaoin agus Déardaoin sa scoil.

Múinteoir Joanne is back with us teaching Irish dancing to all classes in the school on Wednesdays and Thursdays.

CUMHDACH LEANAÍ / *CHILD PROTECTION*

Tá Ráiteas Cumhdach Leanaí ar fáil ar an gclár fógraíochta taobh istigh de dhoras na scoile. Tá sé ar fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.gsnfuinseoige.ie .

The Child Safeguarding Statement is available to read on the noticeboard inside the main door of the school. It is also available on our school website, www.gsnafuinseoige.ie.

NCSE EXCEPTIONAL REVIEW

Táimid ag obair faoi láthair ar chás a chur le chéile leis an NCSE le huaireanta breise RSO a fháil don scoil. Tá an t-uafás oibre á dhéanamh ag na múinteoirí agus foireann bhainistíochta na scoile ach go háirithe le go bhfaigheadh an scoil uaireanta breise ar leas na bpáistí.

We are currently working on putting a case together for an Exceptional Review of our Special Education Teaching allocation with the NCSE. We are requesting that our current allocation is increased to meet the needs of the children in the school. The teachers and especially the management team are working extremely hard on this so that the school has the resources to meet the needs of all the children in the school.

PÁISTÍ AS LÁTHAIR / *CHILDREN ABSENT*

Má tá páiste as láthair ón scoil, ní féidir leis an scoil obair a sheoladh abhaile (seachas i gcás COVID). Má tá an obair bhaile uait, ní gá ach é a fháil ó thuismitheoir sa rang le bhur dtoil.

If your child is absent from school, the school cannot send work home (except in the case of COVID cases). If your child is well enough to do the homework and you wish him/her to complete it, please contact a parent in the class to get the homework from them.

NÓTAÍ AS LÁITHREACHTA / *ABSENCE NOTES*

Caithfimid mar scoil, tuairisc a choinneáil d'as láithreacht gach páiste. Iarrfaimid oraibh nóta a chur ar chúl dialann obair bhaile do pháiste nó má tá do pháiste sna naíonáin, nóta a chur isteach san fhillteán led' thoil nuair a filleann do pháiste ar scoil ó thinneas.

We are obliged to keep a record of all absences in the school. Please ensure that you send a note into the school when your child returns from illness. Please send a note in the dialann (section at the back of the diary) if your child is in Rang a 1-4 and parents of Infants can send a note in their child's folder please.

NAOMH OLAF

Beidh peil agus iománaíocht á dhéanamh ag na ranganna ar fad gach seachtain ag tosú an mhí seo. Beidh Chloe ag múineadh na bpáistí san Naíonáin Shinsearacha agus Rang a 1 ag na seisiúin seo.

Chloe, the GPO from Naomh Olaf GAA club will be coming in every Wednesday to teach football and hurling/camogie skills to the children in Naíonáin Shinsearacha and Rang a 1.

LÉAMH LE CHÉILE / *PAIRED READING*

Tá an córas léamh le chéile tosaithe sna ranganna. Tá sé go hiontach go bhfuil an tacaíocht againn uaibh, cabhraíonn sé go mór le dul chun cinn na bpáistí. Tá cúpla seisiún fós le líonadh againn, má tá aon duine ar fáil maidin Chéadaoin, Déardaoin nó Aoine chun cabhrú leis an léitheoireacht, bheimis an-bhuíochas dá rachfá i dteagmháil le Clodagh faoi led thoil.

We have commenced our paired reading in Senior Infants and First class. Many thanks to those who can help out, it is hugely beneficial to the children. We are still looking for someone on Wednesday, Thursday and Friday mornings. If you can help out, please contact Clodagh in the office.

TIGÍN / *PREFAB*

Tá Rang Rachel bogtha isteach ina seomra nua agus tá siad an-sásta ar fad ann.

Rang Rachel have moved into their new room and are delighted with it!

RÚNAÍ BETNS / *SECRETARY BETNS*

Tá ár gcomharsana in BETNS ag earcú rúnaí faoi láthair. Má tú tuilleadh eolais uait, labhair le Paul an príomhoide.

Our neighbours in Ballinteer Educate Together are recruiting a secretary. Please contact the principal, Paul for further details.

CÉAD CHOMAOINEACH / *FIRST COMMUNION*

Beidh roinnt páistí ó Rang 3&4 ag déanamh a gCéad Chomaoineach ar an Aoine, 8ú Deireadh Fómhair ag a 2.00in i séipéal Dhún Droma. Guímid lá álainn orthu ar fad.

Some of the children in Rang 3&4 are making their First Communion on Friday 8th October in Dundrum Church. We wish them all a lovely day.

RANGANNA IARSCOILE / *AFTERSCHOOL CLASSES*

Tá áthas orainn a rá gur cheadaigh an bord dúinn ranganna iarscoile do Rang 1-4 a chur ar fáil sa scoil i ndiaidh briseadh Oíche Shamhna. Beidh sonraí na ranganna á chur abhaile roimhe sin.

We are delighted to say that the board has given us permission to hold afterschool classes for Rang 1-4 after the Hallowe'en break. We will send further details out to you closer to the time.

GAIRDÍN SCOILE / *SCHOOL GARDEN*

Tá ár ngairdín scoile thar barr ar fad a bhuíochas leis na tuismitheoirí ar fad a rinne sár obair air. Ba mhaith linn grúpa a chur le chéile atá sásta cabhrú leis an obair atá le déanamh ann agus pleanáil a dhéanamh go ginearálta air. Beidh cruinniú Zoom ann ar an Déardaoin 7ú DF ag a 8.00in dóibh siúd go bhfuil spéis acu.

Our school garden is exceptional thanks to the parents who have worked so hard establishing it. We would now like to form a subcommittee that will take responsibility for the development of the garden in conjunction with the school staff. Those who are interested are invited to a Zoom meeting to discuss it.

https://us02web.zoom.us/j/82449187993?pwd=ck5RSVIrUnpZZDBPU0hYdG9lV2x4QT09
Meeting ID: 824 4918 7993
Passcode: Tvam8F

RANGANNA IARSCOILE / *AFTERSCHOOL CLASSES*

Tá áthas orainn a rá gur cheadaigh an bord dúinn ranganna iarscoile do Rang 1-4 a chur ar fáil sa scoil i ndiaidh briseadh Oíche Shamhna. Beidh sonraí na ranganna á chur abhaile roimhe sin.

We are delighted to say that the board has given us permission to hold afterschool classes for Rang 1-4 after the Hallowe'en break. We will send further details out to you closer to the time.